



An Bhruiséil, 7 Feabhra 2019
(OR. en)

6197/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0027 (COD)**

**FSTR 20
FC 11
REGIO 29
SOC 83
AGRISTR 8
PECHE 55
CADREFIN 73
POLGEN 22
CODEC 338**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Feabhra 2019
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2019) 55 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní don leithdháileadh sonrach don Tionscnamh um Fhostaíochta don Aos Óg

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 55 final.

Faoi iamh: COM(2019) 55 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.2.2019
COM(2019) 55 final

2019/0027 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní don
leithdháileadh sonracha don Tionscnamh um Fhostaíochta don Aos Óg**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é cuspóir an togra na méideanna acmhainní atá ar fáil le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus a leagtar amach in Airteagal 91(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013¹, an méid acmhainní don leithdháileadh sonrach don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg ('TFAO') a leagtar amach in Airteagal 92(5) den Rialachán sin agus an miondealú bliantúil ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a léirítear in Iarscríbhinn VI den Rialachán sin, a oiriúnú i bhfianaise an mhéadaithe ar acmhainní TFAO, i gcomhréir leis an mbuiséad a glacadh le haghaidh 2019. Go sonrach, ba cheart na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais don leithdháileadh sonrach do TFAO a mhéadú EUR 116,7 milliún de réir praghsanna reatha, rud a d'fhágfadh go mbeadh EUR 350 milliún sa mhéid iomlán le haghaidh 2019.

Ina theannta sin, i bhfianaise na taithí roimhe seo i gcomhthéacs an mhéadaithe ar acmhainní an leithdháilte shonraigh do TFAO, a spreag leasuithe forleathana ar na cláir chun méideanna a sholáthar ó Chiste Sóisialta na hEorpa ('CSE') ionas go mbeidís ar chóimhéid leis an tacaíocht ón leithdháileadh sonrach do TFAO, d'iarr comhreachtóirí an Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún bearta éascaithe a mholadh chun a áirithiú go ndéanfaí acmhainní breise TFAO a chlárú go tapa in 2019 ionas nach gcuirfear bac ar dhul chun cinn foriomlán chur chun feidhme na gclár oibríochtúil 2014-2020. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an togra seo forálacha ábhartha chun freastal ar an iarraidh sin.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is toradh ar bhuiséad 2019 an Aontais an togra seo.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra comhsheasmhach le tograí agus le tionscnaimh eile a ghlac an Coimisiún Eorpach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an méadú ar na hacmhainní don leithdháileadh sonrach do TFAO i mbuiséad 2019 an Aontais.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2018/1719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh. (IO L 291, 16.11.2018, lch. 5).

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach. Áirítear ann na coigeartuithe teicniúla is gá de thoradh ghlacadh bhuiséad 2019 ina méadaíodh na hacmhainní don leithdháileadh sonrach do TFAO. Ina theannta sin, ar iarratas ón údarás buiséadach chun an cláreagrú a éascú agus chun cur chun feidhme rianúil na n-acmhainní breise a áirithiú, tugtar isteach leis deis do na Ballstáit cuid de na hacmhainní breise a aistriú le bheith ina tacaíocht chomhfhreagrach ó CSE.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: leasú ar an rialachán atá ann faoi láthair.

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún ar an scóip atá ann le haghaidh gníomhaíochta faoin gcreat dlí agus tá sé den tuairim gur gá leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mholadh.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

I bhfianaise imthosca sonracha an togra seo, ní dhearnadh aon mheastóireacht ex post/ná seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I bhfianaise imthosca sonracha an togra seo, níor imíodh i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor ghá saineolas seachtrach a úsáid.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní tionscnamh é seo atá faoi chuimsiú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart EUR 116,7 milliún a chur leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais don leithdháileadh sonrach do TFAO, de réir praghsanna reatha, rud a d'fhágfadh go mbeadh EUR 350 milliún ann ar an iomlán le haghaidh 2019.

Níor cheart go mbeadh gá le leithreasuithe íocaíochta breise in 2019 mar gheall ar an leasú atáthar a mholadh. I gcás 2020 ba cheart go mbeadh an impleacht bhuiséadach teoranta do

leithreasuithe íocaíochta breise, agus do na leithreasuithe sin amháin, chun an réamh-mhaoiniú bliantúil iníoctha i leith acmhainní méadaithe TFAO a chlúdach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é cuspóir an togra méideanna na n-acmhainní atá ar fáil le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus do TFAO agus a leagtar amach in Airteagal 91(1) agus in Airteagal 92(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus sa mhiondealú bliantúil ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais atá léirithe in Iarscríbhinn VI, méideanna na n-acmhainní sin a chur in oiriúint le go mbeidh acmhainní breise san áireamh leis an leithdháileadh sonracha do TFAO. Dá réir sin, i gcomhréir leis an mbuiséad a glacadh le haghaidh 2019, ba cheart EUR 116,7 milliún a chur leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais don leithdháileadh sonracha do TFAO de réir praghsanna reatha, rud a d'fhágfadh go mbeadh EUR 350 milliún ann ar an iomlán le haghaidh 2019 de réir praghsanna reatha.

Tugtar forálacha isteach leis an togra chun cláreagrú ag na Ballstáit ar na hacmhainní breise a éascú. Mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme chlár oibríochtúla 2014-2020 agus ag féachaint don cheanglas dlíthiúil tacaíocht chomhfhreagrach CSE a chur in oiriúint le go mbeadh sí ar chóimhéid leis an leithdháileadh sonracha do TFAO, is gá cosc a chur le haon laghdú a d'fhéadfadh teacht ar thacaíocht CSE do réimsí beartais eile agus do na bearta nach mbaineann le TFAO. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an togra seo an dara fómhír in Airteagal 92(5) lena ligtear do na Ballstáit suas le 50 % de na hacmhainní breise don leithdháileadh sonracha do TFAO a aistriú chuig CSE chun an infheistíocht chomhfhreagach spriocdhírthe ó CSE a chruthú mar a cheanglaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013².

² Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní don leithdháileadh sonrach don Tionscnamh um Fhostaíochta don Aos Óg

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ na rialacha coiteanna agus ginearálta is infheidhme maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.
- (2) Le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019⁶, leasaíodh méid iomlán na n-acmhainní don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg ('TFAO') trí EUR 116,7 milliún de réir praghsanna reatha a chur leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais sa leithdháileadh sonrach do TFAO in 2019 agus méid foriomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais sa leithdháileadh sonrach do TFAO le haghaidh thréimhse iomlán an chláraigh a ardú go EUR 4 527 882 072 de réir praghsanna reatha.
- (3) Le haghaidh 2019, maoinítear na hacmhainní breise de EUR 99 573 877 de réir phraghsanna 2011 leis an gCorrlach Foriomlán le haghaidh Oibleagáidí laistigh de chorrlach an chreata airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020.
- (4) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha lena n-éascaítear cur chun feidhme TFAO, mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil do thréimhse clárúcháin 2014-2020.

³ IO C [...], [...], lch. [...].

⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

⁶ IO C [...], [...], lch. [...].

- (5) Ós rud é gur práinneach é na cláir lena dtacaítear TFAO a leasú ionas go n-áireofaí na hacmhainní breise don leithdháileadh sonrach don TFAO roimh dheireadh 2019, ba cheart go dtiocfaidh an Rialachán sin i bhfeidhm an la tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú dá réir sin,
- TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 91, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- "1. EUR 330 081 919 243, de réir phraghsanna 2011, a bheidh sna hacmhainní don chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ar fáil le haghaidh gealltanais buiséadach don tréimhse 2014-2020, i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI; na hacmhainní foriomlána arna leithdháileadh ar CFRE, ar CSE agus ar an gCiste Comhtháthaithe a bheidh in EUR 325 938 694 233 de sin agus leithdháileadh sonrach do TFAO a bheidh in EUR 4 143 225 010 de. Ar mhaithe leis an gcláreagrú agus leis an gcumhdach i mbuiséad an Aontais amach anseo, déanfar méid na n-acmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a innéacsú ag 2 % in aghaidh na bliana.";
- (2) in Airteagal 92, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
- "5. EUR 4 143 225 010 a bheidh sna hacmhainní do TFAO as an leithdháileadh sonrach do TFAO; na hacmhainní breise le haghaidh 2019 atá in EUR 99 573 877 de sin. Comhlánófar iad le hinfheistíocht spriocdhíríte ó CSE i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013.
- Na Ballstáit a bhaineann tairbhe as na hacmhainní breise don leithdháileadh sonrach do TFAO le haghaidh 2019, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh siad a iarraidh go n-aistrefar suas le 50 % de na hacmhainní breise don leithdháileadh sonrach do TFAO chuig CSE le bheith ina n-infheistíocht chomhfhreagrach spriocdhíríte de chuid CSE mar a cheanglaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013. Is chuig na catagóirí réigiúin faoi seach a chomhfhreagraíonn do chatagóirí na réigiúin atá incháilithe don mhéadú ar an leithdháileadh sonrach do TFAO, a dhéanfar an t-aistriú sin. Iarrfaidh na Ballstáit an t-aistriú san iarraidh ar leasú ar an gclár i gcomhréir le hAirteagal 30(1) den Rialachán seo. Ní féidir acmhainní arna leithdháileadh i leith blianta atá thart a aistriú.
- Beidh feidhm ag an dara fhomhír maidir le haon acmhainní breise don leithdháileadh sonrach le haghaidh TFAO a mhéadaíonn na hacmhainní thar EUR 4 043 651 133.";
- (3) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
 - 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
 - 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na hacmhainní don leithdháileadh sonracha don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB⁷

4 Fostaíocht, gnóthaí sóisialta agus cuimsiú

04 02 64 – An Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO)

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁸**

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Neamhbhainteach

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonracha Uimh.

Neamhbhainteach

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Neamhbhainteach

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Neamhbhainteach

1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Neamhbhainteach

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Neamhbhainteach

⁷ ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

⁸ Dá dtagraítear in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

Neamhbhainteach

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Neamhbhainteach

1.5.4. *Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

Neamhbhainteach

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

- ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2023
- ☒ An tionchar airgeadais in 2017-2020

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁹**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear faoin dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear faoi dhlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

⁹ Is féidir mionsonraí faoi na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a cheadú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Neamhbhainteach

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Neamhbhainteach

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

Neamhbhainteach

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm

Neamhbhainteach

2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis

Neamhbhainteach

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Neamhbhainteach

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal.....]	LD/LN ¹⁰ .	ó thíortha de chuid CSTE ¹¹	ó thíortha is iarrthóirí ¹²	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1 Fás cliste agus cuimsitheach	04 02 60 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin bheagfhorbartha – Sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post 04 02 61 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin trasdula – Sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post 04 02 62 – Ciste Sóisialta na hEorpa – Réigiúin níos forbartha – Sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post 04 02 64 – An Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO)	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal.....]	Leithreasuit he difreáilte (LD) / Leithreasuit he neamhdhifreáilte (LN)	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL	TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL

¹⁰ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹¹ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹² Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Ba cheart leithreasuithe faoi chomhair gealltanais don leithdháileadh sonracha do TFAO le haghaidh 2019 a mhéadú EUR 116,7 milliún¹³ de réir praghsanna reatha. Rinneadh na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a choigeartú dá réir sin.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

¹³ Maoinítear na hacmhainní breise sin faoin gcorrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí (GMC) laistigh de chorrach uasteorainn CAI 2014-2020.

EUR milliúin de réir praghsanna reatha (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Uimhir 1b	Fás Cliste agus Cuimsitheach
---	--------------	------------------------------

Ard-Stiúrthóireacht: EMPL, REGIO			2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
1b: An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe	Gealltanais 04 02 64 – An Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO)	(1)						116,667	0,000	116,667

	Íocaíochtaí									
	04 02 64 – An Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO)	(2)						0,000	3,500	3,500
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach Uimhir na líne buiséid ¹⁴										
Neamhbhainteach		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe do AS EMPL, REGIO	Gealltanais	= 1 + 1 a + 3						116,667	0,000	116,667
	Íocaíochtaí	= 2 + 2 a + 3						0,000	3,500	3,500

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair	Gealltanais	(4)						116,667	0,000	116,667
---------------------------------------	-------------	-----	--	--	--	--	--	---------	-------	----------------

¹⁴ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínite "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

oibríochtaí		)								
	Íocaíochtaí	(5)						0,000	3,500	3,500
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha		(6)						0,000	0,000	0,000
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 1b den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4 +						116,667	0,000	116,667
	Íocaíochtaí	= 5 +						0,000	3,500	3,500

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0							0

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	5	"Caiteachas riaracháin"
---	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht<.....>	Leithreasuithe								

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)								
---	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N ¹⁵	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais								
	Íocaíochtaí								

¹⁵ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Sagha s ¹⁶	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹⁷ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
COSTAS IOMLÁN																		

¹⁶ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

¹⁷ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ¹⁸	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	---	--	--	--------

CHEANNTÉIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5¹⁹ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

¹⁸ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

¹⁹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaí onn le fad an tioncha ir a thaispe áint (féach pointe 1.6)
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)					
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)					
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)					
10 01 05 01 (Taighde díreach)					
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)²⁰					
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch')					
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí)					
XX 01 04 bb²¹	- sa cheanncheathrú				
	- i dtoscaireachtaí				
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)					
10 01 05 02 (AC, END, INT - Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN					

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

²⁰ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

²¹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

- ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, ag sonrú na línte buiséid lena mbaineann mar aon leis na méideanna comhfhreagracha.

- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ar ioncam ag an togra/tionscnamh.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnamh ²²						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

²²

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custam, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. ollmhéideanna tar éis 25 % a bheith bainte le haghaidh costais bhailiúcháin.